Babhta 1

Ceist 1

Roinntear bua crannchuir idir triúr. Faigheann Marcin 20% níos mó ná Jane, agus 25% níos mó ná Charlie. Is é €3,600 sciar Jane. Cad é an duaischiste iomlán?

Ceist 2

Tógadh an figiúr thíos trí leathchiorcal a thógáil le trastomhas 64cm agus ag cur ceithre leathchiorcal in ionad an trastomhais agus an trastomhas céanna ag gach ceann de na leathchiorcal beaga.



Céard é imlíne an cruth, i dtéarma π?

Babhta 2

Ceist 1

Bhain grúpa de **n** mac léinn a bhí ag déanamh tionscadail ealaíne úsáid as péint dhearg, gorm agus buí. Bhain gach mac léinn úsáid as dath amháin ar a laghad, agus bhain roinnt mac léinn úsáid as níos mó ná dath amháin.

- Bhain 46 mac léinn úsáid as an bpéint bhuí san iomlán.
- Bhain 69 mac léinn úsáid as an bpéint dhearg san iomlán.
- Bhain 104 mac léinn úsáid as an bpéint ghorm san iomlán.
- D'úsáid 14 mac léinn go díreach buí agus gorm araon agus níor úsáid siad dearg.
- D'úsáid 13 mac léinn go díreach buí agus dearg araon agus níor úsáid siad gorm.
- D'úsáid 19 mac léinn go díreach gorm agus dearg araon agus níor úsáid siad buí.
- D'úsáid 16 mac léinn go díreach na trí dhath.

Céard é luach ***n***?

Ceist 2

Is slannuimhi í x. Aimsigh na luachanna féideartha de x áit ina bhfuil

$$4x - 3 > 5 \text{ agus } 6x + 2 < 32$$

Babhta 3

Ceist 1

Taispeánann an léaráid ciorcal taobh istigh de chearnóg a bhfuil taobh 12cm air. Aimsigh an céatadán den chearnóg atá scáthaithe go dtí an céatadán is gaire.



Ceist 2

Roghnaítear slánuimhir dhearfach ***n*** idir 10 agus 99, san áireamh, go randamach. Más comhdhóchúil go roghnófar gach slánuimhir den sórt sin, cad é an dóchúlacht gur iolraí de 7 suim dhigit ***n***?

Babhta 4

Ceist 1

$$w : x = 2 : 3$$

$$x : y = 9 : 8$$



Aimsigh luach z°

Ceist 2

Tá carn de 10 gcupán páipéir 13 cm ar airde.

Tá carn eile de 30 cupán páipéir den chineál céanna 23 cm ar airde.

Cé chomh hard (i cm) a bheadh carn de 100 cupán páipéir?

Babhta 5

Ceist 1

Tá dísle sé thaobhach ag Brad le taobhanna uimhrithe ó 1 go 6.

Caitheann Brad an dísle faoi dhó agus scríobhann sé síos na huimhreacha.

Cad é an dóchúlacht go bhfuil an dara huimhir níos mó ná an chéad cheann?

Ceist 2

Is féidir an slonn $2(x-3)^2-12$ a scríobh mar ax^2+bx+c do luachanna áirithe *a,b,c.*

Aimsigh luach: $10a-b-4c$

Babhta 6

Ceist 1



I ndronuilleog ABCD, cad é achar iomlán an réigiúin scáthaithe?

Ceist 2

Tá níos mó ná 100 bábóg Barbie ag Lucy. Nuair a chomhaireamh sí iad i ngrúpaí de bheirt, trí cinn nó cúigear, bíonn ceann amháin fágtha i gcónaí. Cad é an líon is lú bábóg Barbie atá ag Lucy?

Babhta 7

Ceist 1

Sa léaráid, forluíonn dhá dhronuilleog 8 faoi 10 a chéile chun cearnóg 4 faoi 4 a chruthú.



Cad é achar iomlán an réigiúin scáthaithe?

Ceist 2

Céard í an slánuimhir shearfach is lú do n a bhfuil $\sqrt[3]{2026 - n}$ ina shlánuimhir?

Ceist 3

Liostaíonn Fred na slánuimhreacha dearfacha ceithre dhigit is féidir a dhéanamh ag baint úsáide as na digití 2, 4, 5, agus 9, uair amháin. Liostaíonn Fred na slánuimhreacha seo in ord méadaitheach. Cad é an 13ú uimhir ina liosta?

Ceist 4

Maíonn monaróirí peann áirithe gur féidir leis achar 2.7 méadar cearnach a chlúdach sula bhfolmhaíonn sé. Más 0.3 milliméadar ar leithead an líne a tharraingíonn an peann, cé chomh fada i gciliméadair atá an líne a d'fhéadfadh sé a tharraingt sula bhfolmhaíonn sé?

Babhta 8

Ceist 1

Cuireann Marsha rósanna dearga agus buí i sraitheanna malartacha mar a thaispeántar. Leanann Marsha ag cur go dtí go mbeidh 15 sraith de gach dath aici, ag cur rósanna dearga agus buí i sraitheanna malartacha. Cé mhéad rós buí a chuir sí san iomlán?



Ceist 2

Sa léaráid, Tá láir na gciorcal ag reanna triantáin ABC.

Má ghlactar leis go bhfuil |AB| = 14cm, |AC| = 12cm agus |BC| = 10cm, cad é ga an chiorcail is lú?



Ceist 3

Téann an líne *l* trí na pointí (-4, 8) agus (k, k) le haghaidh uimhir réadúil k. Tá an líne l ingearach leis an líne a théann trí na pointí (11, -7) agus (15, 5).

Cad é luach k?

Ceist 4

Comhlíonann na slánuimhreacha x, y agus z an cothromóid;

$$\frac{x}{5} = \frac{6}{y} = \frac{z}{2}.$$

Cad é an luach is mó is féidir a bheith ag

$$x + y + z?$$

Tráth na gCeist π Babhta Réigiúnach – 24^{ú} Márta 2026

Babhta Réitigh

1	Aimsigh an ***nú*** téarma den seichimh 26, 39, 54, 71, 90, 111…
2	Sheachaid fear poist leisciúil trí litir a seoladh chuig Smith, Jones agus Black. Dá gcuirfí na litreacha go randamach, (ceann amháin i ngach bosca litreacha) cad é an dóchúlacht go bhfaigheadh Smith, Jones agus Black a bpost ceart?
3	Téann an líne leis an cothromóid $y = 5x + a$ tríd an pointe (a, a^2). Má tá $a \neq 0$,céard í luach a ?
4	Ag 9:00 am, cuirtear 51240 ticéad ar díol do Cheolchoirm Solver ag Staidiam Suncorp. Díolann an Oifig Ticéad 60 ticéad gach nóiméad agus díoltar ticéid ar líne ar ráta 9000 san uair. Cén t-am a dhíoltar an cheolchoirm amach?
5	 Is triantán comhchosach é triantán ABC. Aimsigh méid $\angle ABC$ i gcéimeanna go 2 ionaid deachúil.
6	Cad é an chéad dhigit eile sa fhorbairt deachúil thíos? 0.1248163264128256__
7	Tá Ada níos óige ná Darwyn. Tá Max níos óige ná Greta. Tá James níos sine ná Darwyn. Tá Max agus James den aois chéanna. Cé acu den chúigear is sine?
8	Nuair a dhíol Reg a leantóir le Bob, rinne sé brabús 30% ar a phraghas costas bunaidh. Nuair a dhíol Bob é le Merv ina dhiaidh sin, rinne sé brabús 30% ar a chaiteachas freisin. Cén céatadán a mhéadaigh luach an leantóra san iomlán?
9	Is uimhir chothrom idir 50 agus 60 toradh dhá phríomhuimhir. Ríomh suim an dá phríomhuimhir.
10	 $\frac{3}{8}$ de achar dromchla an sféir seo is ea $75\pi cm^2$Aimsigh trastomhas an sféir. Slonn do fhreagra i bhfoirm surda.

Freagraí

R1	Q1	**€11376**
	Q2	$64\,\pi$
R2	Q1	141
	Q2	$x = 3$ and 4
R3	Q1	5% (% not required)
	Q2	$\frac{12}{90} = \frac{2}{15}$ (accept either)
R4	Q1	$z = 84°$
	Q2	58 cm (cm not required)
R5	Q1	$\frac{15}{36} = \frac{5}{12} = 0.416666666$ Must indicate recurring decimal for solution
	Q2	8
R6	Q1	35 cm^2 (units required)
	Q2	121
R7	Q1	128 units^2 (units required for area)
	Q2	298
	Q3	$T_{13} = 5249$
	Q4	9 km (km not required)
R8	Q1	240
	Q2	$x = 4$ cm (cm not required)
	Q3	$k = 5$
	Q4	43
Tiebreak	Q1	$T_n = n^2 + 10n + 15$
	Q2	$\frac{1}{6} = 0.1666 = 0.167 = 17\% = 16.7\% = 16.67\%$
	Q3	$a = 6$
	Q4	13:04 or 1:04 pm (pm required for 2nd answer)
	Q5	26.99°
	Q6	5
	Q7	Greta
	Q8	69%
	Q9	31
	Q10	$10\sqrt{2}$ cm (units not required)

Tráth na gCeist π Babhta Réigiúnach – 24^{ú} Márta 2026

Babhta Réitigh 2

1 Tá trí roinnteoir dearfacha iumhir príomha comónta ag na slánuimhreacha 390 agus 9450. Cad é suim na n-uimhreacha príomha seo?

2 Thaifead anailísí sacair líon na gcúl a scóráil imreoirí i sraithe le linn an tséasúir. Tá na sonraí grúpáilte in eatraimh mar a thaispeántar thíos. Is é 6.5 meánlíon na gcúl a scóráil imreoir. Aimsigh an mhinicíocht ***x*** atá in easnamh***.***

Cúil	0 - 2	3 - 5	6 - 8	9 - 11	12 - 14
Minicíocht	3	5	***x***	4	2

3 Céard é luach an suim seo?

2019 – 2018 + 2017 – 2016 + 2015 – 2014 + ……+3 – 2 + 1

4 Is é M lárphointe an líne AB. Is iad comhordanáidí M ná $(7,\ 2)$, B ná $(11,\ 8)$, agus C ná $(7,\ -4)$.
Aimsigh achas an triantáin ACM.

5 Aimsigh suim na slánuimhreacha uile atá idir $\sqrt{11}\ and\ \sqrt{423}$

6 Is é $(x+3)$ a fachtóir de $x^3+3x^2-49x-147$.

Aimsigh an dá fhachtóir eile den fheidhm chiúbach seo.

7 Cé mhéad aonad cearnach atá sa triantán atá teoranta ag an líne leis an gcothromóid $2x+4y=16$ agus an *x*-ais agus an *y*-ais?

8 Slonn c i dtéarmaí $a\ and\ b$.

$$\frac{5}{a}+\frac{b}{2}-\frac{7}{c}=0$$

9 Is féidir le Sarah 4 rós a cheannach ar €5 agus iad a dhíol ar phraghas 3 ar €5. Cé mhéad rós ba chóir di a cheannach chun brabús €1000 a dhéanamh?

10 Infheistítear €5200 ag ús iolraithe 2.8% in aghaidh na bliana. Oibrigh amach cé mhéad bliain a thógfaidh sé ar an infheistíocht dul thar €7000?

Answers to Tie Break 2

	Answers
1	10
2	$x = 4$
3	1010
4	$12\ units^2$ $(units^2\ required\ for\ area)$
5	204
6	$(x-7)(x+7)\ both\ required$
7	$16\ units^2$ $(units^2 required\ for\ area)$
8	$c = \frac{14a}{10+ab}$
9	$2400\ roses$
10	11